

Treoirlínte

lena leasaítear Treoirlínte EBA/GL/2015/18 maidir le maoirseacht táirgí agus socruithe rialachais le haghaidh táirgí baincéireachta miondíola

1. Comhlíonadh agus oibleagáidí tuairiscithe

Stádas na dtreoirlínte seo

Tá treoirlínte sa doiciméad seo a eisíodh de bhun Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010¹. De réir Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ní mór d'údaráis inniúla agus d'institiúidí airgeadais gach iarracht a dhéanamh na treoirlínte a chomhlíonadh.

Leagtar amach i dtreoirlínte tuairim ÚBE maidir le cleachtais mhaoirseachta iomchuí laistigh den Chóras Eorpach um Maoirseacht Airgeadais nó maidir le conas ba cheart dlí an Aontais a chur i bhfeidhm i réimse ar leith. Ba cheart d'údaráis inniúla, mar a shainmhínítear iad in Airteagal 4(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 lena mbaineann treoirlínte, comhlíonadh trí na treoirlínte a ionchorprú ina gcleachtais mar is cuí (e.g. trína gcreat dlíthiúil nó a bpróisis mhaoirseachta a leasú), agus cásanna ina bhfuil na treoirlínte dírithe go príomha ar institiúidí san áireamh.

Ceanglais maidir le tuairisciú

De réir Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ní mór d'údaráis inniúla fógra a thabhairt do ÚBE maidir le cibé an bhfuil na treoirlínte seo á gcomhlíonadh acu, nó cibé an bhfuil sé ar intinn acu iad a chomhlíonadh, nó cúiseanna a sholáthar le neamhchomhlíonadh ar shlí eile, faoin [27.10.2026]. In éagmais aon fhógra faoin spriocdháta sin, measfaidh ÚBE go bhfuil údaráis inniúla neamhchomhlíontach. Ba chóir fógraí a sheoladh tríd an bhfoirm atá ar fáil ar shuíomh gréasáin ÚBE a chur isteach agus an tagairt 'EBA/GL/2026/05' luaite leo. Ba cheart go mbeadh fógraí curtha isteach thar ceann a n-údarás inniúil ag daoine a bhfuil an t-údarás cuí acu chun comhlíonadh a thuairisciú. Ní mór aon athrú ar an stádas comhlíonta a thuairisciú do ÚBE chomh maith.

Foilseofar fógraí ar shuíomh gréasáin ÚBE, de réir Airteagal 16(3).

¹ Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12).

2. Seoltaí

Tá na treoirlínte seo dírithe ar údaráis inniúla mar a shainmhínítear in Airteagal 4 pointe (2) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, agus ar institiúidí airgeadais mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1) de Rialachán Uimh. 1093/2010.

3. Cur chun feidhme

Dáta cur chun feidhme

Beidh feidhm leis na treoirlínte ón 11 Eanáir 2027.

4. Leasuithe

Leasaítear Treoirlínte ÚBE EBA/GL/2015/18 maidir le maoirseacht táirgí agus socruithe rialachais le haghaidh táirgí baincéireachta miondíola mar seo a leanas:

(i) Leasuithe ar Chaibidil 2 'Ábhar, raon feidhme agus sainmhínithe':

1. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

5. Pléann na Treoirlínte seo le bunú socruithe maoirseachta agus rialachais táirgí do mhonaróirí agus do dháileoirí araon, mar chuid lárnach de na gnáthriachtanais eagraíochtúla a bhaineann le córais rialaithe inmheánaigh na ngnólachtaí. Tagraíonn siad do phróisis, d'fheidhmeanna agus do straitéisí inmheánacha atá dírithe ar tháirgí a dhearadh, iad a thabhairt chun an mhargaidh agus athbhreithniú a dhéanamh orthu le linn a saolré. Bunaítear leo nósanna imeachta atá ábhartha chun a áirithiú go gcomhlíontar leasanna, cuspóirí agus saintréithe an spriocmhargaidh. Ba cheart do mhonaróirí agus dáileoirí na socruithe maoirseachta agus rialachais táirgí sin a bhunú freisin le haghaidh táirgí a bhfuil gnéithe comhshaoil, sóisialta agus rialachais (CSR) acu, má thairgeann siad na táirgí sin do thomhaltóirí agus má dhíolann siad leo iad. Mar sin féin, ní bhaineann na Treoirlínte seo le hoiriúnacht táirgí do thomhaltóirí aonair.

2. I mír 6, cuirtear 'CRD' in ionad 'CRD IV' agus cuirtear an pointe seo a leanas leis:

'Airteagal 32(1) de Threoir 2023/2225 (an "Treoir maidir le comhaontuithe creidmheasa do thomhaltóirí agus lena n-aisghairtear Treoir 2008/48/EC [CCD]").' An Treoir mar a

thrasuitear í sna Ballstáit faoi seach.

3. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:

‘7. Féadfaidh údaráis inniúla a mheas na Treoirlínte seo a chur i bhfeidhm ar tháirgí eile nó ar eintitis eile ina ndlínsí nach dtagann faoi raon feidhme na ngníomhartha reachtacha a luadh thuas, ach a bhfuil freagrachtaí maoirseachta ag na húdaráis inniúla maidir leo.’

4. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 9:

‘9. Comhlánaíonn na Treoirlínte seo treoirlínte eile ÚBE a fhéadfaidh a bheith ábhartha do mhaoirseacht agus do rialachas táirgí, go háirithe Treoirlínte ÚBE maidir le rialachas inmheánach faoi Airteagal 74 CRD.’ Ba cheart na Treoirlínte seo a léamh freisin i gcomhar le Treoirlínte ÚBE maidir le bainistiú fóna riosca tríú páirtí i ndáil le seirbhísí nach seirbhísí TFC iad² agus Treoirlínte ÚBE maidir le bainistiú rioscaí CSR³ do na hinstiúidí airgeadais ina raon feidhme faoi seach.’

5. Scriostar mír 12 agus mír 13 ón roinn ‘Seolaithe’.

6. I mír 15, cuirtear an pointe seo a leanas leis an sainmhíniú ar an téarma ‘monaróir’:

‘e) creidiúnaí mar a shainmhínítear in Airteagal 3 pointe (2) CCD’

7. I mír 15, sa sainmhíniú ar an téarma ‘táirge’, pointe f), cuirtear ‘CRD’ in ionad ‘CRD IV’ agus cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe a):

‘a) “comhaontuithe creidmheasa” mar a shainmhínítear in Airteagal 4(3) MCD agus in Airteagal 3(3) CCD;’.

8. I mír 15, sa sainmhíniú ar an téarma ‘táirge’, scriostar pointe h).

(i) Leasuithe ar Threoirlíne 1: Bunú, comhréireacht, athbhreithniú agus doiciméadacht

9. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Threoirlíne 1.3:

‘1.3 Agus táirge nua á sheoladh aige, ba cheart don mhonaróir a áirithiú go gcuirfear na socruithe maidir le maoirseacht agus rialachas táirgí san áireamh sa bheartas nua um fhormheas táirgí (NPAP) i gcomhréir le Treoirlínte ÚBE maidir le rialachas inmheánach faoi Airteagal 74 CRD i gcásanna ina bhfuil feidhm acu.’

² Treoirlínte ÚBE maidir le bainistíocht fhóna riosca tríú páirtí i ndáil le seirbhísí nach seirbhísí TFC iad

³ EBA/GL/2025/01: [Final Guidelines on the management of ESG risks.pdf](#)

(ii) Leasuithe ar Threoirlíne 2: Feidhmeanna rialaithe inmheánaigh monaróirí

10. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Threoirlíne 2.1:

‘2.1 Ba cheart don mhonaróir a chinntiú go bhfuil socruithe maoirseachta agus rialachais táirgí ina gcuid lárnach dá shocruithe rialachais, lena n-áirítear an creat rialaithe inmheánaigh mar a thagraítear dó i dTreoirlínte ÚBE maidir le rialachas inmheánach faoi Airteagal 74 CRD, i gcás inarb infheidhme. Chuige sin, ba cheart do chomhlacht bainistíochta an mhonaróra bunú na socruithe agus na n-athbhreithnithe ina dhiaidh sin a fhorghnó.’

10. Cuirtear isteach an Treoirlíne 2.1 a seo a leanas:

‘2.1a Ba cheart do chomhlacht bainistíochta an mhonaróra próisis fhónta a chur i bhfeidhm chun cleachtais ghlas-snasaithe a shainaithint agus a chosc agus chun bainistiú agus faireachán a dhéanamh ar rioscaí a eascraíonn as glas-snasú nó as cleachtais ghlas-snasaithe a mheastar a bheith ann, mar a leagtar amach freisin sna ceanglais a bhaineann le riosca glas-snasaithe atá ann cheana i dTreoirlínte ÚBE maidir le bainistiú rioscaí CSR, i gcás ina ndéantar táirgí a bhfuil gnéithe CSR acu a thairiscint do thomhaltóirí nó a dhíol leo.’

11. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Threoirlíne 2.3:

‘2.3 Ba cheart na freagrachtaí as maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas seo ag an bhfeidhm Bainistíochta Riosca agus ag an bhfeidhm chomhlíonta a chomhtháthú ina n-imlíne agus ina ngnáthlíne dualgas mar atá leagtha amach i dTreoirlínte ÚBE ar rialachas inmheánach faoi Airteagal 74 CRD, nuair is infheidhme.’

12. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Threoirlíne 2.4:

2.4 ‘Ba cheart don ardbhainistíocht a áirithiú go mbeidh an fhoireann a bhfuil baint acu le dearadh táirge ar an eolas faoi mhaoirseacht agus socrú rialachais táirgí an mhonaróra agus go leanfaidh siad iad; go mbeidh siad inniúil agus oile go hiomchuí; agus go dtuigfidh siad gnéithe, saintréithe agus rioscaí an táirge agus go mbeidh siad ar an eolas fúthu, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, iad siúd a bhaineann le táirgí a bhfuil gnéithe CSR acu.’

(iii) Leasuithe ar Threoirlíne 3: Spriocmhargadh

13. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Threoirlíne 3.1:

‘3.1 Ba cheart do mhonaróirí a áireamh, ina socruithe maoirseachta agus rialachais táirgí, céimeanna agus gnéithe, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, gnéithe CSR, nach mór a leanúint, chun spriocmhargadh ábhartha táirge a shainaithint agus a thabhairt cothrom le dáta nuair is gá.’

14. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Threoirlíne 3.2:

‘3.2 Ba cheart don mhonaróir, tar éis dó an spriocmhargadh a shainaithint ar dtús, a áirithiú go measfar an táirge, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, an táirge a bhfuil gnéithe CSR aige, a bheith iomchuí do leasanna, cuspóirí agus saintréithe an spriocmhargaidh nó na spriocmhargaí sainaitheanta.’

15. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Threoirlíne 3.3:

‘3.3 Níor cheart don mhonaróir ach táirgí a dhearadh agus a chur ar an margadh a bhfuil gnéithe acu, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, gnéithe, táillí agus rioscaí CSR, a chomhlíonann leasanna, cuspóirí agus saintréithe an spriocmhargaidh ar leith a sainaithníodh don táirge, agus a théann chun tairbhe dó.’

(iv) Leasuithe ar Threoirlíne 7: Bealaí dáileacháin

16. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Threoirlíne 7.1:

‘7.1 Ba cheart don mhonaróir bealaí dáileacháin a roghnú atá oiriúnach don spriocmhargadh ar leith. Chuige sin, ba cheart don mhonaróir dáileoirí a roghnú a bhfuil an t-eolas, an saineolas agus an cumas cuí acu chun gach táirge a chur ar an margadh i gceart agus chun faisnéis chuí a sholáthar do thomhaltóirí a mhíníonn saintréithe agus rioscaí an táirge, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, iad siúd a bhaineann le táirgí a bhfuil gnéithe CSR acu. Agus a bhealaí dáileacháin á roghnú aige, féadfaidh an monaróir breithniú a dhéanamh ar dháileadh táirge shonraigh a theorannú do bhealaí a thairgeann gnéithe sonracha do thomhaltóirí.’

(v) Leasuithe ar Threoirlíne 8: Faisnéis do dháileoirí

17. Cuirtear an litir seo a leanas le Treoirlínte 8.3:

‘c) i gcás inarb infheidhme, eadhon i gcás táirge a bhfuil gnéithe CSR aige, chun a áirithiú go mbeidh cumarsáid a bhaineann le hinbhuanaitheacht cothrom, soiléir agus nach mbeidh sí míthreorach, agus go mbeidh maíomhanna inbhuanaitheachta cruinn, réasúnaithe, cothrom le dáta, go soláthrófar leo léiriú cothrom ar phróifíl fhoriomlán na hinstiúide nó ar phróifíl an táirge, agus go gcuirfear i láthair iad ar bhealach intuigthe, mar a leagtar amach freisin sna ceanglais a bhaineann le riosca glas-snasaithe i dTreoirlínte ÚBE maidir le rioscaí CSR a bhainistiú’

(vi) Leasuithe ar Threoirlíne 12: Faisnéis agus tacaíocht do shocruithe an mhonaróra

18. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Threoirlíne 12.1:

‘12.1 Ba cheart don dáileoir an fhaisnéis a gcuireann an monaróir ar fáil a chur san áireamh agus a nochtadh don tomhaltóir, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, don táirge a bhfuil gnéithe CSR ag baint leis, tuairisc ar phríomh-shaintréithe an táirge, ar a rioscaí, agus ar phraghas iomlán an táirge atá le híoc ag an tomhaltóir, lena n-áirítear gach táille, muirear agus costas gaolmhar, chomh maith le hábhar breise a gcuireann an monaróir ar fáil atá le húsáid ag an spriocmhargadh.’

19. Cuirtear isteach an Treoirlíne 12.1 a seo a leanas:

‘12.1a Ba cheart don dáileoir, i gcás táirgí a bhfuil gnéithe CSR acu a thairgtear agus a dhíoltar, a áirithiú go bhfuil cumarsáid a bhaineann le hinbhuanaitheacht cothrom, soiléir agus nach bhfuil sí míthreorach, agus go bhfuil maíomhanna inbhuanaitheachta cruinn,

réasúnaithe, cothrom le dáta, go dtugtar léiriú cothrom leo ar phróifíl fhoriomlán na hinstitiúide nó ar phróifíl an táirge, agus go gcuirtear i láthair iad ar bhealach intuigthe, mar a leagtar amach freisin sna ceanglais atá ann cheana a bhaineann le riosca glas-snasaithe i dTreoirlínte ÚBE maidir le rioscaí CSR a bhainistiú.’

(vii) Leasuithe ar Chaibidil 6 ‘Seachfhoinsiú’:

20. Scriostar Caibidil 6 ‘Seachfhoinsiú’